View in browser

10 Márta 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 88








## SEISIÚN CEOIL DON TEAGHLACH

Tá seisiún ceoil don teaghlach uilig á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar an Satharn 12 Márta @ 2i.n. In ionad **Splanc** ar an gCeathrú Rua a bheas an seisiún ar siúl. Píosa spraoi a bheas ann agus beidh deis ag an teaghlach uilig a gcuid uirlisí a chrochadh leo agus ceol a chasadh i gcomhluadar a chéile. Cuirfear sólaistí ar fáil ina dhiaidh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie

## CAIFE LITRÍOCHTA NA GAELTACHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Cuirtear aoichainteoir ar leith i láthair chuile sheachtain. 'Sé **Conamara Láir** a bheas á óstáil an tseachtain seo chugainn. Cuirfear fáilte roimh Chaitríona Ní Chonaola ar an oíche, an 15ú Márta, agus sé cumadóireacht agus ceapadóireacht a bheas á phlé aici. An-oíche a bheas ann. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7i.n. Is féidir clárú do na seisiúin ach teagmhail a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com.

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE




Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile ar an gCéadaoin, 23ú Márta i dTigh Mholly in Indreabhán ag a 8 i.n. leis an gcnuasach gearrscéalta *'Bláth na dTulach'* a phlé. Is féidir an díolaim a cheannach i siopa Cló Iar Chonnacht sa Spidéal agus tá roinnt de na scéalta le fáil mar chlosleabhar anseo. Bígí ag léamh agus bígí ann. Fáilte roimh bhaill nua i gcónaí.

## LE CION AR JOE

Cuirfidh **Aisteoirí an Spidéil** an seó omóis '*Le Cion ar Joe*', ar stáitse i Seanscoil Sailearna ar an 17ú agus an 18ú Márta. Bhí an seó réitithe le dul ar an ardán mar chuid de Fhéile Chois Fharraige, mí na Samhna seo caite, ach socraíodh é a chur ar athló, nuair ab éigean clár na féile a leasú de bharr cúrsaí sláinte poiblí. Seó ilmheáin atá ann ina léireofar blaisíní de shaothar Joe Steve Ó Neachtain idir fhilíocht, prós, drámaíocht agus fealsúnacht. Tá os cionn scór duine ag cleachtadh go dian faoi láthair faoi stiúir Mhike P. Ó Conaola. Beidh míreanna físe agus fuaime, chomh maith le míreanna drámaíochta, aithriseoireachta, amhráin, ceoil agus agallamh beirte ar chlár na hoíche. Is féidir ticéid a chur in áirithe ach glaoch ar 083 0106294 nó is féidir ticéad a cheannach anseo.

## FOLÚNTAS AG RÚNDA

Tá **Rúnda** sa Spidéal, sa tóir ar *bharista!* Tá sé tábhachtach ach ní gá go mbeadh taithí ag an té a chuireann isteach ar an bpost agus is buntáiste é Gaeilge a bheith ag na hiarrthóirí freisin. Deis iontach a bheadh ann scileanna nua a fhoghlaim agus a fhorbairt agus cleachtadh a fháil ar a bheith ag plé leis an bpobal. Iarrfar ar iarrthóirí CV a sheoladh chuig rundacoffeestop@gmail.com

## GAEILGE BHEO, GAIRMEACHA BEATHA 2022

D'fhreastal scoláirí na hidirbliana, Bliain 5 agus Bliain 6 ó Choláiste Chroí Mhuire agus Coláiste Cholmcille ar Gaeilge Bheo, Gairmeacha Beatha in Óstán Chois Fharraige ar an Déardaoin 3ú Márta. Ócáid í seo a d'eagraigh Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige le deiseanna gairmeacha le Gaeilge a chur ar shúile dhaltaí iar-theastais shoisearaigh. Sraith cainteanna a bhí ann, áit a dtug aoichainteoirí léargas ar a ngairm bheatha féin, an cineál oibre a dhéanann siad agus an ról tábhachtach atá ag an nGaeilge ina saol oibre. Bhí rogha leathan ann idir earnáil na mara – ó thaighde agus forbairt teicneolaíochta go nuálaíocht agus fuinneamh in-athnuaite, chomh maith le cúrsaí airgeadais,

gnó agus na healaíona. Roinneadh go leor eolais freisin faoi chúrsaí fiontraíochta ó thaobh a bheith féinfhostaithe agus do ghnó féin a bhunú agus a reáchtáil. Ba í príomhaidhm an lae ná féidearthachtaí don todhchaí a chur os comhair na scoláirí agus iad a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar an gcineál oibre a thaitneodh leo amach anseo. Léirigh chuile chainteoir tábhacht agus luach na Gaeilge ina gcuid oibre agus admhaíodh gur tháinig go leor deiseanna ina dtreo a bhuíochas don Ghaeilge agus de bharr scileanna dátheangacha a bheith acu. Tá OPTanna Chois Fharraige ag súil go mbeidh tuilleadh laethanta eolais mar seo á reáchtáil acu amach anseo.









## CISTE MAOINITHE NUA FÓGARTHA AG CONRADH NA GAEILGE

Tá ciste spreagtha nua fógartha ag Conradh na Gaeilge le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar luach €150,000. Is é sprioc an chiste seo ná grúpaí a ghlacann páirt san fhéile a spreagadh agus cuidiú leo imeachtaí a eagrú tar éis na féile. Beidh an ciste ar oscailt d'imeachtaí a bheas ag tarlú i mí Aibreáin, Bealtaine agus Meitheamh 2022. Tá tuilleadh eolais faoin scéim le feiceáil ag www.snag.ie/cs agus tá an fhoirm ar fáil anseo. Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin scéim is féidir teagmháil a dhéanamh le cistespreagtha@cnag.ie. Is deontas de €1,000 an grúpa a bheidh i gceist.

## SAOL ELLA

Tá dráma nua **- Saol Ella** -ag teacht go TG4 agus tá éisteachtaí á reáchtáil ag **Danú Media** go luath! Tá fáilte roimh aisteoirí óga idir 12-18 mbliana d'aois foirm iarratais a líonadh le suim a léiriú ann. Is féidir foirm iarratais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le aisteoirisaolella@gmail.com le d'ainm, d'aois, do bhliain scoile, roinnt eolais maidir leis na scileanna atá agat chomh maith le pictiúr. Ní mór an fhoirm a líonadh roimh an Luan 14ú Márta 2022. Cuirfear tús le taifeadadh i mí an Mheithimh 2022.

## SEISIÚN CEOIL AN EARRAIGH i STIÚIDEO CUAN

D'fhógair **Stiúideo Cuan** clár an Earraigh le gairid agus is léir go mbeidh scoth na gceoltóirí agus n-amhránaithe leo le linn an tséasúir. Is iomaí ceolchoirm breá a bheas ar bun ann idir mí Márta agus mí Bealtaine. Cuirfear tús le cúrsaí ar an 18 & 19ú Márta le Laoise Kelly, Tiarnán Ó Duinnchinn agus Stéphanie Makem agus s'iad Máirtín O' Connor, Cathal Hayden agus Seamie O' Dowd a chuirfidh críoch leis an tsraith sa mBelataine. Gearrfar táille €25 ar na ticéid, nó €22.50 más ar Eventbrite a ceannaítear iad. Is féidir an clár iomlán a fheiceáil anseo nó glaoch a chur ar an bhfoireann ag 091 553 838








## CÉ HÍ DO BHANLAOCH?

Mar cheiliúradh ar **Lá Idirnáisiúnta na mBan** a bhí ann ar an 8ú Márta, tá ócáid á reáchtáil ag Oireachtas na Gaeilge ar an 31 Márta. Cuirfidh Póilín Ní Chiaráin, buaiteoir Bhuaic-Ghradam Cumarsáide an Oireachtais 2021, banlaoch an lae inniu faoi agallamh ag an ócáid. Tá Oireachtas na Gaeilge ag iarraidh scéala a fháil ón bpobal agus a gcuid moltaí a fháil uathu i leith painéal an agallaimh. Is féidir daoine a mholadh ach teagmháil a dhéanamh le eolas@antoireachtas.ie nó ar na meáin shóisialta - Twitter, Instagram nó Facebook.

## DUAISEANNA DO CHOLÁISTE CHOLMCILLE AG COMÓRTAS NÁISIÚNTA THOMAS MEAGHER

Bronnadh iPad ar Pádraig Mac Donnacha scoláire as Coláiste Cholmcille mar dhuais ar an gcéad áit a bhaint amach i rannóg na Sraithe Sóisearaí i gComórtas Naisiúnta Thomas Meagher le gairid. Iarradh ar scoláirí na tíre mír réiteach ag míniú an tuiscint atá acu ar bhrat na hÉireann. Glacadh le píosa scríbhneoireachta, ealaíne, físeáin agus píosaí ar na meáin shóisialta. Bhain James Mac Donnacha as an gcúigiú bliain duais amach chomh maith. Comhghairdeachas mór leo!

## ROGHNÚ BHORD AN ÚDARÁIS

Tá athbhreithniú ar bun ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi láthair faoin bpróiseas roghnúcháin/toghcháin do Bhord Údarás na Gaeltachta. Tá deis ag an bpobal a bheith páirteach sa gcomhairliúchán poiblí seo agus a gcuid tuairimí agus moltaí a chur in iúl as seo go dtí an Aoine 25 Márta. Tré cheistneoir atá an comhairliúchán á dhéanamh agus is féidir é a líonadh ar líne anseo nó an cháipéis a íoslódáil, a chomhlánú agus a sheoladh ar ais go dtí an Roinn faoin 25 Márta.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta